

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE, EARRACH, 2018

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

PÁIPÉAR I - 100 MARC
(85 MARC ANSEO AGUS 15 MARC DON GHNÉ PHRAITICIÚIL)

Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00). Cúig cheist a fhreagairt, ceann amháin as gach Roinn.

ROINN A

- 1.** Scríobh aiste (thart ar dhá leathanach i.e. 400 focal) ar ábhar amháin díobh seo:-
 - (a) Níor mhaith liom go mbeadh sé deacair do mhúinteoirí sos gairme a thógáil.
 - (b) Na meáin shóisialta agus an dochar is féidir leo a dhéanamh do dhaoine óga. An féidir aon rud a dhéanamh faoi?
 - (c) Tugann taisteal dearcadh níos leithne dúinn ar an saol.
 - (d) An súgradh agus a thábhacht i gcúrsaí oideachais.
 - (e) Ba chóir níos mó úsáide a bhaint as an gcultúr Gaelach chun turasóirí a mhealladh go hÉirinn.

(35 marc)

ROINN B

Freagair Ceist 2 nó Ceist 3

- 2.** Aistrigh go Gaeilge:-

We get all sorts of weather in this country – rain, wind, frost, sun and heat sometimes during the summer, if we are lucky, and now and again we get snow. I would love a proper snowfall, not sleet as we usually get during the winter but big white snowflakes falling from the sky and a white sheet of snow on the ground. I remember once when I was a child hearing on the weather forecast at night that there was snow coming. I jumped out of bed in the morning, ran to the window, opened the curtains and looked out. I was delighted. It was snowing heavily and the snow wasn't melting. I dressed myself quickly, went straight out into the garden and made a snowman. I put a hat on his head and put a scarf around his neck. He had two pieces of coal as eyes and a carrot as a nose. I have a photograph of it still.

(15 marc)

3. Aistrigh go Gaeilge:-

1. Eoghan! Give me your copybook please. Why haven't you got your homework done?
2. Now children! Bring your chairs with you and do not forget your books.
3. Can you recommend a Gaeltacht course to me?
4. I went overseas to Italy last summer. I stayed in a self-catering apartment.
5. Saoirse Ronan is the main actor in the film *Brooklyn*.
6. I'm interested in politics and *Primetime* is my favourite programme.
7. I do not eat meat. My favourite vegetables are carrots, cabbage, broccoli and cauliflower.
8. I am a patient, honest, practical and trustworthy person.
9. She would prefer to get a job at home rather than stay in London for another year.
10. There is a beautiful garden at the back of the house and a floor in the attic.

(15 marc)

ROINN C

Freagair Ceist 4 nó Ceist 5

4. Athscríobh an t-alt seo a leanas agus cuir isteach an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní:-

“An bhfuil tú ag súil le laethanta saoire (an samhradh)?” a Siobhán. “Ní féidir liom (fan),” arsa Eoghan. “Tá sé ar intinn agam an-taitneamh a bhaint (as: iad).” “Cén sórt pleannanna atá agat?” arsa Siobhán. “Bhuel!” arsa Eoghan, “an chéad rud a dhéanfaidh mé ná cúrsa (inseirbhís) ón dara lá de Mhí Iúil go dtí an séú lá. Ansin ar an Satharn táim ag dul go dtí ceolchoirm i bPáirc an Chrócaigh.” “Cé a bheidh ann?” arsa Siobhán. “Michael Bublé. Ní (téigh) mé go ceolchoirm i bPáirc an Chrócaigh riamh roimhe seo. Cheannaigh mé dhá (ticéad) don Cheolchoirm nuair a tháinig siad ar an margadh. D’íoc mé trí chéad Euro orthu. Beimid díreach os comhair (an t-ardán).” “Trí chéad Euro! Sin an-chuid airgid. Agus má (ceannaigh) tú bia agus cúpla deoch, nach mbeidh an rud ar fad tar a bheith daor?” “Beidh ach is cuma liom. Tar éis (an cheolchoirm) (faigh) mé tacsaí díreach go dtí an t-aerfort agus ag meán lae ar an Domhnach beidh mé i San Francisco.”

(10 marc)

5. Athscríobh na habairtí seo a leanas gan na lúibíní agus athraigh iad más gá:-

1. Ní (déan) mé dearmad an bosca bruscair a chur amach aréir.
2. (Taispeáin) mé mo phas ag an ngeata san aerfort amárach.
3. (Imir) Síle peil gach Satharn ach ní bhacann sí le camógaíocht ar chor ar bith.
4. Dá gcloisfinn go raibh stoirm ag teacht (fan: mé) sa teach.
5. D’fhág an páiste na cóipleabhair ar bhord (an múinteoir).
6. Tá an dreoilín níos (beag) ná an spideog.
7. Bhris Aisling a heochair agus ní raibh sí in ann doras an tí a (oscail).
8. “Fáilte (roimh: sibh) go Páirc an Chrócaigh,” arsa an treoraí leis na páistí.
9. Bhí an (sráid) dubh le daoine tar éis an chluiche.
10. Níl aon difríocht idir muintir na cathrach agus muintir (an tuath).

(10 marc)

ROINN D

Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail fén na ceisteanna a ghabhann leis:

Pádraig Ó Méalóid

Bhí aithne ag muintir na hÉireann ar Phádraig Ó Méalóid mar léitheoir nuachta ar *An Nuacht* ar Raidió Éireann agus ar RTÉ, Raidió Telefís Éireann. Rugadh é i gCamas Íochtair, Conamara, Contae na Gaillimhe. Fuair sé a chuid scolaíochta i mBaile Bhúirne, Contae Chorcaí sula ndeachaigh sé ar aghaidh go Coláiste Phádraig, Droim Conrach áit ar cárliodh é mar mhúinteoir bunscoile. D'oibrigh sé mar mhúinteoir i gceann de na scoileanna Lán-Ghaeilge is sine sa tir - Scoil Lorcáin, Baile na Manach, Baile Átha Cliath. Chuir sé faoi i nGleann na gCaorach agus i gCill Iníon Léinín. D'oibrigh sé freisin sa tSaotharlann Teanga in Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

Craoltóir den chéad scoth a bhí ann. I 1959, thosaigh sé ag obair le Raidió Éireann a bhí ag craoladh ag an am sin ó Shráid Anraí i lár na príomhchathrach. Bhí sé fós le Raidió Éireann nuair a bhog an stáisiún amach go Domhnach Broc. Chuir sé cláir theilifíse éagsúla i láthair ar RTÉ thar na blianta - *Ceamara na Cruinne, Telefís Scoile, Buntús Cainte*, agus *Anois is Arís* ina measc. Ar Raidió RTÉ, chuir sé i láthair *Preab san Aer, Ceiliúradh Ceoil agus Nuachtiris*. D'oibrigh sé freisin le RTÉ Raidió na Gaeltachta i gCasla agus le TG4 i mBaile na hAbhann. Bhaineadh sé an-taitneamh as *Fios Farraige*, an quizseó ar chúrsaí farraige ar Raidió na Gaeltachta. Rinne sé beagánín aisteoireachta freisin sa sobaldráma *Ros na Rún* ar TG4. Is mar thuairisceoir, léitheoir agus eagarthóir i seomra nuachta RTÉ is mó a bhí cáil ar Phádraig. Údar, cumadóir ceoil agus aistritheoir ab ea Pádraig Ó Méalóid ag tráthanna éagsúla chomh maith. Bhí sé dílis dá chontae dúchais i gcónaí agus ba bhreá leis a bheith ag féachaint ar iománaithe na Gaillimhe.

Bhí Pádraig Ó Méalóid cúig bliana agus ceithre scór d'aois nuair a cailleadh é ar 21 Samhain, 2016. Bhí an tUachtaráin Michael D. Higgins i measc an tslua a bhí i láthair ag sochraíd an chraoltóra i Séipéal Mhuire na Dea-Chomhairle i mBaile Eoin i mBaile Átha Cliath. Ag Aifreann a shochraide, rinneadh cur síos ar an ngrá a bhí aige dá thír, ó thaobh na teanga, an chultúir agus an spóirt de. Thug a gharpháistí micreatafón, cóipleabhar, camán, fód móna agus grianghraf go dtí an altóir. Dúradh gur siombail iad de ghnéithe éagsúla dá shaol - an chraoltóireacht, an mhúinteoireacht, an spórt, a bhaile dúchais agus a theaghlach. Adhlacadh Pádraig Ó Méalóid i Reilig Sheangánaí.

1. Cén chaoi ar tharla sé go raibh a fhios ag daoine ar fud na tíre cérbh é Padraig Ó Méalóid?
2. Cén fhianaise atá san alt gur oibrigh Pádraig ag an tríú leibhéal?
3. Conas go bhfuil a fhios agat go raibh spéis ag Pádraig i gcúrsaí mara?
4. Céard a deirtear san alt a thugann le fios go raibh Pádraig Ó Méalóid ina scríbhneoir?
5. Cén fáth ar tugadh camán go dtí an altóir ag Aifreann a shochraide?

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Liam Ó Murchú,
(sliocht atá curtha in oiriúint ó alt le hÉilis Ní Anluain air in www.ainm.ie)

Ar Shráid na Blarnan i gcathair Chorcaí a rugadh Liam Ó Murchú ar an 10 Feabhra, 1929, an duine is óige clainne ag a athair, Kennedy Murphy. Throid an t-athair le Fiúsailéirí Bhaile Átha Cliath sa Chéad Chogadh Domhanda, agus a bhean Julia Buckley, oibrí i muileann línéadaigh.

Ó na Bráithre Críostaí a fuair Liam a chuid oideachais, i Scoil Naomh Colm Cille agus sa Mhainistir Thuaidh, ar scoláireacht Bhardas Chorcaí, inar bhain sé an chéad áit amach sa scrúdú. Tar éis bliana i gColáiste Ollscoile Chorcaí, d'fhág sé a chúrsa léinn le dul ag obair mar oifigeach cléireachais sa státseirbhís.

Sa bhliain 1964 fuair Liam post in RTÉ, mar eagarthóir ar chláir Ghaeilge. Is óna chlár teilifíse *Trom agus Éadrom* is fearr a bhí aithne ar Liam, clár stiúideo a bhuaigh Gradam Jacobs sa bhliain 1976 agus a craoladh idir 1975 agus 1985, le lucht éisteachta beo, míreanna ceoil agus cainte, agus gur chuid de an nath ‘bualadh bos.’

Bhí Gaeilge mhaith scoile ag Liam, ach tháinig splanc léargais chuige nuair a thosaigh a pháistí ag freastal ar Scoil Lorcáin i mBaile na Manach, Baile Átha Cliath agus go raibh an chéad bheirt ag teacht abhaile le scéalta beaga agus dánta acu ó Bhean Uí Chadhair, bean chéile Mháirtín. Ina dhiaidh sin bhí Liam go hiomlán i ngrá leis an teanga.

Théadh an chlann ar saoire go Conamara go minic agus freisin go Baile an Fheirtéaraigh. Bhí tithe ag Gael Linn ar an mBuailtín agus thíogaídís ceann ar cíos ar feadh míosa. Lean Liam foireann iománaíochta Chorcaí, agus go háirithe tar éis bhás a dheartháir, Ken, a raibh mac leis, Tim Murphy ag imirt sna cúlaithe dóibh.

Bhí baint ag Liam le logainmneacha Gaeilge a chur ar na busanna. Sheas Liam in olltoighchán na bliana 1982 ach níor éirigh leis suíochán a bhuanachan.

D'éag Liam Ó Murchú ar an 28 Meitheamh, 2015. I ráiteas ón Uachtaráin Micheál D. Ó hUiginn dúradh gur oibrigh Liam gan staonadh leis an Ghaeilge a chur chun cinn, os comhair an cheamara agus taobh thiar de.

1. Cén bhaint a bhí ag Liam Ó Murchú le cúrsaí míleata?
2. Cén fhianaise atá san alt go raibh Liam cliste?
3. Conas go bhfuil a fhios agat ón alt go raibh meas ar an gclár *Trom agus Éadrom*?
4. Cén chaoi a ndeachaigh oideachas a pháistí i bhfeidhm ar Liam féin?
5. Cén gaisce a rinne nia le Liam?

(10 marc)

ROINN E

Freagair Ceist 8 nó Ceist 9 nó Ceist 10

- 8.** (a) Cén fheidhm teanga atá á comhlíonadh leis na heiseamláirí seo a leanas?:
(i) “An maith leat an t-uachtar reoite?”
(ii) “Ní féidir liom snámh.”
(iii) “Tá súil agam nach mbeidh sé ag cur báistí amárach.”
(iv) “Is fearr liom sceallóga ná rís.”
- (b) Mínigh Modh na Ráite. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (c) Cén chaoi a n-imrítear an cluiche teanga, “*Céard atá sa mhála?*” Tabhair samplaí den teanga a bhíonn á labhairt ag an múinteoir agus ag na páistí i rith an chluiche.
- (15 marc)
- 9.** (a) Mínigh na bealaí éagsúla inar féidir úsáid a bhaint as póstaer.
- (b) Scríobh scéal (thart ar 80 focal) dar teideal, “An Stoirm” a mbeifeá ag súil leis ó dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna.
- (c) Bunaithe ar an scéal céanna, scríobh ceithre cheist thuisceana ag tosú le “An/Ar,” “Cé,” “Céard/Cad” agus “Cá” agus scríobh na freagraí a ghabhann leis na ceisteanna sin.
- (15 marc)
- 10.** (a) Mínigh Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí. Léirigh a bhfuil le rá agat le samplaí.
- (b) Scríobh fógra/póstaer mór (gan air ach focail) do shorcas atá ag teacht go dtí an baile mór.
- (c) Scríobh comhrá (14-16 líne) faoin teideal, “Ag an Sorcas”, comhrá a bheadh oiriúnach do dhaltaí sna meánranganna nó sna hardranganna. Taobh le taobh leis na hEiseamláirí Teanga (gach cuid den chomhrá) scríobh na Feidhmeanna Teanga atá á gcomhlíonadh.
- (15 marc)